ACHOIMRE AR AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

https://eiopa.europa.eu/

eiopa
European Insurance and
Occupational Pensions Authority

Cover photo: © AdobeStock;pages 6 and 7: © EIOPA; all other pictures: © AdobeStock

PDF ISBN 978-92-9473-496-9 doi:10.2854/423 EI-07-22-779-GA-N

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

© EIOPA, 2022
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

PETRA HIELKEMA

BROLLACH ÓN gCATHAOIRLEACH

Is mór an sásamh dom an taifead seo ar ghníomhaíochtaí EIOPA in 2021 a chur i láthair.

Arís eile, in 2021, bhí príomhról ag an bpaindéim le vacsaíní agus athraithigh víris ag teacht chun cinn – cuireadh fáilte roimh na vacsaíní, ach níor cuireadh fáilte roimh an bpaindéim. Ós rud é go raibh na hearnálacha árachais agus pinsean ceirde tar éis an phaindéim a shárú go measartha maith, díríodh in 2021 ar thacú le téarnamh agus ar fhaireachán a dhéanamh ar éifeachtaí marthanacha na géarchéime, go háirithe boilsciú.

Tá cosaint tomhaltóirí mar thosaíocht ag EIOPA agus sa réimse seo, d'fhreagair EIOPA d'ábhair imní a bhain le roinnt táirgí aonad-nasctha le creat chun aghaidh a thabhairt ar luach ar airgead. I gcás go leor coigilteoirí, is féidir le táirgí aonad-nasctha ról tábhachtach a imirt agus cabhróidh an creat seo lena chinntiú go ndéantar táirgí a fhorbairt, a mhargú agus a dhíol le riachtanais tomhaltóirí i gcuimhne agus go bhfuil rochtain ag tomhaltóirí ar chomhairle agus ar fhaisnéis chuí chun cabhrú leo cinntí eolasacha a dhéanamh nuair a bhíonn táirgí á gceannach acu.

Bhain EIOPA úsáid as a chuid uirlisí chun comhordú a dhéanamh le húdaráis náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar réimsí inar léir easnaimh ghnó a bhain le gnó trasteorann. Tá sé éirithe soiléir go bhféadfadh go mbeadh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na cumhachtaí a thugtar do EIOPA sa réimse seo chun dochar do thomhaltóirí a laghdú.

I réimse na bpinsean, chuir EIOPA fáilte roimh theacht i bhfeidhm an rialacháin maidir le Táirge Pinsin Phearsanta uile-Eorpach (PEPP) agus roimh dhá phíosa comhairle a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i réimse na bpinsean – maidir le cláir agus le córais rianaithe – glacadh bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí pinsin.

Bhí an dá réimse d'airgeadas inbhuanaithe agus don digitiú fós chun tosaigh ar an gclár oibre, ní hamháin do EIOPA, ach d'údaráis náisiúnta agus do na hearnálacha árachais agus phinsean gairme freisin. Sna réimsí seo, choinnigh EIOPA a fhócas ar thacú leis na hearnálacha agus leis an bpobal maoirseachta an t-aistriú chuig an ngeilleagar glas agus digiteach a bhainistiú.

Is é an rialachán um oiriúnach don fheidhm an bonn ar a dtógtar maoirseacht éifeachtach agus ina leith sin, chuir EIOPA fáilte mhór roimh thograí an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hathbhreithniú ar Shócmhainneacht II agus leanann sé le tacú leis an bpróiseas athbhreithnithe.

Ag breathnú amach romhainn, leanann an neamhchinnteacht i gcónaí, go háirithe mar thoradh ar ionsaí míleata gan údar agus gan chúis de chuid na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Seasann EIOPA le gach institiúid Eorpach i ndlúthpháirtíocht le muintir na hÚcráine. Cé gur beag an tionchar díreach a bheidh ag an ionradh ar na hearnálacha árachais agus pinsin ghairme, leanfaidh EIOPA ag déanamh faireacháin ghéir ar an tírdhreach le haghaidh éifeachtaí ar chobhsaíocht earnáil an árachais agus na bpinsean san Eoraip. Tabharfaidh EIOPA aird ghéar freisin ar éifeachtaí na méaduithe gasta ar an gcostas maireachtála.

Chun a shainordú uaillmhianach a bhaint amach, tá foireann oilte agus lúfar ag teastáil ó EIOPA agus táim ag tnúth le mo ról a imirt chun eagraíocht ilchineálach agus uilechuimsitheach a chothú ar eagraíocht í a chuirfidh ar chumas gach ball foirne a lánacmhainneacht a bhaint amach. Ar an mbealach seo, mar eagraíocht, beimid in ann leanúint ar aghaidh ag tacú leis an earnáil dul in oiriúint do dhúshláin amach anseo.

Ar nóta pearsanta, tar éis dom dul i mbun mo phoist mar Chathaoirleach i Meán Fómhair 2021, chuir foireann dhíograiseach, eolasach agus thiomanta fáilte romham, agus dá bharr bhí mo chúpla chéad lá i bhfad níos éasca. Is mór agam freisin tacaíocht mo chomhghleacaithe ag an mBord agus ag ár gcomh-Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus táim ag tnúth le todhchaí a bheidh comhdhéanta de dea-chomhoibriú agus rath comhpháirteach.

Gabhaim buíochas ar leith le Gabriel Bernardino ar tháinig deireadh lena shainordú mar Chathaoirleach an 28 Feabhra 2021. Le linn a thréimhse, chuir sé EIOPA i gcroílár na maoirseachta árachais agus pinsean san Eoraip agus táim ag tnúth le leanúint lena oidhreacht ag tógáil ar a bhfuil bainte amach aige. Gabhaim buíochas ar leith freisin le Peter Braumüller as glacadh go hiontach lena ról mar Leas-Chathaoirleach agus as an eagraíocht a threorú tar éis imeacht Gabriel.

Leanann árachas agus pinsin ghairme de ról ríthábhachtach a bheith acu i saol gach saoránach san Eoraip agus imreoidh EIOPA a ról i gcothú earnálacha faoi bhláth a thacaíonn le saoránaigh agus leis an tsochaí.

FAUSTO PARENTE

RÉAMHRÁ ÓN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

Ba bhliain lán de neamhchinnteacht í an bhliain 2021 arís eile. Chuireamar tús leis an mbliain ag obair ón mbaile, lean an phaindéim le tionchar a imirt ar ár gcuspóirí straitéise-acha agus leanamar ag díriú ar a tionchar ar na hearnálacha árachais agus pinsin, d'fhonn cobhsaíocht a chaomhnú agus tacú le téarnamh eacnamaíoch.

Bhí EIOPA in ann a chlár oibre don bhliain a sheachadadh, rud a sháraigh an sprioc d'fhormhór na bpríomhtháscairí feidhmíochta.

Leanamar lenár straitéis maidir le gnóthachain éifeachtúlachta, bunaithe ar cheithre chomhpháirt:

- pleanáil agus tosaíocht acmhainní;
- straitéis sonraí agus TF agus réitigh dhigiteacha;
- athbhreithniú próisis ghnó, barrfheabhsú seirbhíse agus leas a bhaint as seirbhísí comhroinnte; agus bainistíocht tallainne comhtháite.

D'fhás EIOPA mar eagraíocht agus chuir sé fáilte roimh bhaill foirne nua, agus dá bharr b'ionann líon iomlán na foirne (lena n-áirítear saineolaithe náisiúnta ar iasacht) agus 193 ag deireadh 2021, méadú ó 185 ag deireadh na bliana roimhe sin. Ina theannta sin, bhí méadú breise ar chéatadán na foirne atá tiomnaithe do chroíghnó.

Le linn na bliana, bhain an tÚdarás úsáid éifeachtach agus fhreagrach as acmhainní. Ba é EUR 32.9 milliún an buiséad oibriúcháin in 2019 agus i gcaitheamh na bliana b'ionann an ráta cur chun feidhme buiséid i gcás tiomantas agus 99.44% agus 81.18% i gcás íocaíochtaí a rinneadh.

Tá EIOPA tiomanta dá fheidhmíocht comhshaoil a fheabhsú agus tionchar a oibríochtaí ar an gcomhshaol a ísliú. In 2021 bhíomar ag obair ar chur chun feidhme Scéim Éiceabhainistíocht agus Iniúchóireachta an AE (EMAS). Tá ráiteas ar bhainistíocht comhshaoil san áireamh sa tuarascáil seo.

De réir mar a lean COVID-19 ag teacht chun cinn, d'oibrigh an fhoireann arís as baile ar feadh codanna móra den bhliain. Bhí sé seo indéanta de bharr na réitigh TF agus na hacmhainní a cuireadh ar fáil don fhoireann. Mar sin féin, leanamar ag cur ár spás oibre in oiriúint do thimpeallacht oibre hibrideach agus leanamar ag infheistiú i dteicneolaíocht chun oibriú gan uaim a chumasú agus muid ag tabhairt cuireadh do chomhghleacaithe filleadh ar an ionad oibre, mar oibrithe deonacha ar an gcéad dul síos. Tugadh tús áite do shláinte agus do shábháilteacht na gcomhghleacaithe, agus bhí scaradh fisiciúil i bhfeidhm ar feadh cuid mhaith de thús na bliana 2022.

Cé gur léirigh cur chuige na hoifige baile tionchar leanúnach na paindéime, léirigh sé freisin normalú foriomlán ar oibriú hibrideach. De réir mar a tháinig laghdú ar an mbaol paindéimeach, leanamar orainn ag cur fáilte roimh bhaill foirne ag teacht ar ais chuig an oifig ar feadh roinnt laethanta sa tseachtain. Ag an am céanna, aithnímid go gcaithfimid aird ghéar a thabhairt ar dhálaí oibre, go háirithe maidir leis na socruithe maidir le hoibriú hibrideach, chun fanacht tarraingteach mar fhostóir agus chun an fhoireann oilte a choinneáil ar bhaill fhoirne iad a theastaíonn uainn chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhaineamar tairbhe as dlúthchomhar le contraphárirteanna in údaráis inniúla náisiúnta agus as caidreamh tairbheach le baill dár mBord Bainistíochta agus dár mBord Maoirseoirí.

Leanamar le hionchur a lorg ó rogha leathan páirtithe leasmhara chun bonn eolais a sholáthar dár gcuid oibre, go háirithe trínár ngrúpaí geallsealbhóirí, agus trí chomhairliúcháin agus imeachtaí.

Ar an ócáid seo, ba mhaith liom mo bhuíochas pearsanta a ghabháil lenár nIar-Chathaoirleach, Gabriel Bernardino, a bhí i gceannas ar an eagraíocht ar feadh 10 mbliana agus le Peter Braumüller as tacú leis an eagraíocht ina cháil mar Leas-Chathaoirleach i dtréimhse an aistrithe sular ghlac Petra Hielkema lena ról.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an bhfoireann, le comhaltaí ár mBord Maoirseoirí, agus le mo chomhghleacaithe sna hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile agus i ngníomhaireachtaí AE as a gcuid oibre crua, a dtiomantas agus a gcomhoibriú torthúil. Trí oibriú le chéile, is féidir linn leanúint ar aghaidh ag cinntiú go ndéanaimid difríocht do dhaoine, do ghnó agus do gheilleagair ar fud na hEorpa.

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Le linn na bliana 2021, lean EIOPA de ról ríthábhachtach a bheith aige i maoirseacht a dhéanamh ar árachas agus ar phinsin san Eoraip, ag obair go dlúth le húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, institiúidí Eorpacha agus páirtithe leasmhara eile chun a chuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach ina chlár oibre bliantúil a chomhlíonadh.

Lean an bhliain 2021 ar aghaidh faoi thionchar na paindéime COVID-19, a léirigh ar ghníomhaíochtaí gnó lárnacha EIOPA agus ar bhearta eagraíochtúla a cuireadh i bhfeidhm i leith fhoireann, chuairteoirí agus chomhaltaí Boird EIOPA. In 2021, sheachaid EIOPA Clár Oibre Bliantúil éilitheach inar cuimsíodh obair nár tugadh tosaíocht dóibh in 2020 mar gheall ar thionchar COVID-19 ar a chuid oibre.

I mí Mheán Fómhair 2021, rinneadh Cathaoirleach EIOPA de Petra Hielkema go ceann sainordú cúig bliana.

MAOIRSEACHT AGUS RIALÁIL GNÓ A CHUR CHUN CINN

Tugtar sainordú do EIOPA trína Rialachán chun ról ceannasach a ghlacadh i gcur chun cinn na trédhearcachta, na simplíochta agus na cothroime sa mhargadh inmheánach. Tá tógáil creata rialaitheach fónta ríthábhachtach chuige seo. Sa chomhthéacs seo, in éineacht leis na ÚMEnna eile, tá caighdeáin theicniúla forbartha ag EIOPA d'fhonn:

Féachaint le dul i ngleic le "glasú" táirgí airgeadais trí shainmhíniú a dhéanamh faoin Rialachán um Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe (SFDR) agus faoin Rialachán Tacsanomaíochta (TR) ar an mbealach a nochtann eintitis airgeadais tionchar a gcinntí infheistíochta ar fhachtóirí inbhuanaitheachta agus an bealach ina bhfuil faisnéis inbhuanaitheachta nochta i bhfaisnéis táirge d'infheisteoirí deiridh.

Féachaint le Príomhdhoiciméad Faisnéise PRIIPanna (KID) a dhéanamh níos tarraingtí agus níos inrochtana d'infheisteoirí miondíola trí fheabhsuithe spriocdhírithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar roinnt príomh-shaincheisteanna rialála a aithníodh maidir le hábhar an KID; agus

Le linn na bliana, neartaigh EIOPA a chuid oibre ar stiúradh maoirseachta gnó go suntasach, ag baint úsáide as cumhachtaí idirghabhála táirgí EIOPA agus raon uirlisí maoirseachta – áirítear leis seo treochtaí tomhaltóirí leanúnacha agus obair mhonatóireachta margaidh, go háirithe treochtaí atá ag teacht chun cinn, chomh maith le rannpháirtíocht ghníomhach le húdaráis inniúla náisiúnta (NCAnna) agus páirtithe tríú tíortha agus cuairteanna orthu. In 2021, rinne EIOPA comhairliúchán freisin ar chreat chun aghaidh a thabhairt ar riosca luach ar airgead sa mhargadh Eorpach aonad-nasctha agus a thorthaí a fhoilsiú.

Lean EIOPA ar aghaidh ag obair ar chásanna trasteorann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thomhaltóirí, trí ardáin chomhoibrithe trasteorann a bhunú agus trí úsáid a bhaint as na huirlisí atá ar fáil aige chun gníomhaíochtaí maoirseachta cuí na NCAnna a chomhordú. I lár na bliana 2021 d'eisigh EIOPA moladh aonair don GNT gníomhartha maoirseachta a dhéanamh i gcoinne gnóthas a bhfuil gnó trasteorann á dhéanamh aige i roinnt Ballstát. Sa dara leath de 2021 tháinig EIOPA ar neamhchomhlíonadh an mholta seo. Léiríonn an cás seo, i measc cásanna eile, ábharthacht mhéadaitheach an riosca go bhféadfadh gnó trasteorann a bheith ina shaincheist do thomhaltóirí mura bhfuil an mhaoirseacht baile/óstach éifeachtach agus comhordaithe i gceart. Leagann sé béim freisin ar na teorainneacha atá le huirlisí EIOPA maidir leis seo. Ar deireadh, fuair EIOPA a chéad iarratas freisin fiosrúchán a thionscnamh ar ábhair imní ar leith a bhaineann le maoirseacht ghrúpa i mBallstát ar leith. Tá an fiosrúchán seo fós ar siúl.

CÓINEASÚ I dTREO MAOIRSEACHT STUAMACHTA AR ARDCHAIGHDEÁN A STIÚRADH

Cuid lárnach d'obair EIOPA é cur chuige comhchoiteann Eorpach maidir le maoirseacht. In 2021, d'fhoilsigh EIOPA na critéir maidir le neamhspleáchas na n-údarás maoirseachta, rud atá ríthábhachtach do dhlisteanacht agus creidiúnacht an phróisis mhaoirseachta. D'fhoilsigh EIOPA roinnt uirlisí a thugann aghaidh ar chóineasú

maoirseachta i réimsí mar úsáid teicnící maolaithe riosca, cleachtais mhaoirseachta agus ionchais i gcás sárú ar an gCeanglas Caipitil Sócmhainneachta nó ORSA i gcomhthéacs COVID-19. Lean EIOPA ag foilsiú roinnt tuarascálacha a bhain le gnéithe éagsúla de Shócmhainneacht II agus mhol sé leasuithe ar na ceanglais tuairiscithe a bhaineann le doiciméid mhaoirseachta agus nochtadh poiblí. Ina theannta sin, in 2021 d'fhoilsigh EIOPA tuarascáil ar thogra EIOPA maidir le haistrithe IBOR a chur chun feidhme, ag féachaint chun stóinseacht agus iontaofacht tagarmharcanna airgeadais a mhéadú.

Leanann EIOPA dá phríomhról idirnáisiúnta a imirt i gcomhthéacs Chomhlachas Idirnáisiúnta na Maoirseoirí Árachais (IAIS) agus choinnigh sé teagmhálacha agus idirphlé rialta le príomhdhlínsí tríú tíortha.

Ar thaobh na bpinsean, d'eisigh EIOPA tuairimí ar bhainistíocht riosca pinsin le ranníocaíochtaí sainithe agus ar chostais agus ar mhuirir IORPanna, agus chuir sé comhairle ar fáil do Choimisiún an AE maidir le seirbhísí rianaithe pinsin agus deais.

In 2021, lean EIOPA leis an gclár BI 2.0, a thugann treoir don Údarás é féin a chlaochlú ina eagraíocht dhigiteach, úsáideoir-dhírithe agus sonraí-tiomáinte freisin ina ról mar rialtóir agus éascaitheoir agus a sholáthraíonn anailís sonraí agus tuarascálacha sonraí ábhartha do NCAnna. Lean EIOPA le feabhas a chur ar a chreat faisnéise gnó agus anailíse sonraí agus leas á bhaint ag an am céanna as forbairtí teicneolaíochta nua agus na deiseanna a chuireann siad ar fáil, ag roinnt eolais agus eispéiris idir EIOPA agus NCAnna.

Ar deireadh, trína lámhleabhar Maoirseachta a shaibhriú agus trí oiliúint a sholáthar do mhaoirseoirí, cuireadh chun cinn sprioc EIOPA chun leibhéal ard, éifeachtach agus comhsheasmhach maoirseachta a chinntiú ar fud na hEorpa, lena ráthaítear leibhéal comhchosúil cosanta do shealbhóirí polasaí agus tairbhithe ar fud na ndlínsí. Ina theannta sin, rinne EIOPA athbhreithniú piaraí amháin ar fhoinsiú allamuigh agus athbhreithniú piaraí amháin ar phríomhfheidhmeanna.

Lean EIOPA ag obair le maoirseoirí náisiúnta chun cothrom na féinne a chur chun cinn trí pháirt a ghlacadh i gcoláistí maoirseoirí, iniúchtaí ar an láthair, ardáin chomhoibrithe agus rannpháirtíochtaí déthaobhacha, chomh maith le cúnamh teicniúil, oiliúint agus moltaí a sholáthar. Maidir le húsáid samhlacha inmheánacha, d'fhorbair EIOPA staidéir chomparáideacha, ag tabhairt aghaidh ar réimsí tosaíochta maidir le Samhlacha Inmheánacha lena n-áirítear tuarascálacha poiblí.

COBHSAÍOCHT AIRGEADAIS EARNÁIL AN ÁRACHAIS AGUS EARNÁIL NA bPINSEAN CEIRDE A NEARTÚ

Lean EIOPA ag aithint treochtaí agus rioscaí agus leochaileachtaí féideartha a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar na hearnálacha pinsin agus árachais ar fud na hEorpa. Mar chuid den obair seo, le linn na bliana seo, d'fhoilsigh EIOPA staidrimh árachais agus pinsin cheirde, lena n-áirítear an painéal riosca ar bhonn ráithiúil agus an tuarascáil cobhsaíochta airgeadais dhá uair sa bhliain. Ina theannta sin, d'fhorbair EIOPA Creat Eorpach um Measúnú Riosca Sistéamach (SRAF) chun ligean don Údarás agus dá chomhaltaí a ndearcadh féin a chinneadh ar threochtaí agus ar fhorbairtí an mhargaidh árachais Eorpaigh agus ar riosca sistéamach ionchasach, agus chun cabhrú leo pléití comhchoiteanna IAIS a ullmhú.

In 2021, rinne EIOPA tástáil struis a dhírigh ar chás fada de COVID-19 i dtimpeallacht rátaí úis "níos ísle ar feadh tréimhse níos faide". In ainneoin impleachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha agus airgeadais na paindéime COVID-19, chuaigh tionscal árachais na hEorpa isteach sa chleachtadh tástála struis le leibhéal láidir caipitlithe. Leis an maolán láidir seo, tugadh deis do rannpháirtithe turraing an cháis dhíobhálacha a ionsú. Léirigh na torthaí freisin go n-eascraíonn na príomhleochaileachtaí don earnáil ó shuaitheadh an mhargaidh, agus go bhfuil uirlisí ag an tionscal árachais chun déileáil le drochthionchar margaidh agus eacnamaíoch. Chomh maith leis sin, chuidigh na bearta ráthaíochtaí fadtéarmacha le cuid de na turraingí tromchúiseacha ach sochreidte a ionsú. Mar sin féin, léiríodh an tástáil struis freisin go bhfuil cuid den mhargadh fós ag brath go mór ar bhearta idirthréimhseacha. Níor léiríodh leochaileachtaí i seasamh leachtachta na rannpháirtithe.

TÉAMAÍ TRASNACHA

Lean EIOPA lena chuid oibre i réimse an airgeadais inbhuanaithe. Thug obair EIOPA aghaidh ar na príomhcheisteanna a bhaineann le riosca a bhaineann le hathrú aeráide don earnáil árachais agus leanadh de spreagadh a thabhairt d'árachóirí a ról a ghlacadh chun maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a chumasú. Lean EIOPA ag tabhairt aird ghéar ar an mbearna cosanta árachais, a thomhaiseann an difríocht idir an méid atá

cumhdaithe le hárachas agus caillteanais eacnamaíocha ionchasacha. Mhol EIOPA céimeanna modheolaíochta a thacaíonn leis an ngá atá le cur chuige foirmiúil a dhéanamh chun paraiméadair a athmheasúnú agus a athchalabrú don mhodúl riosca tubaiste nádúrtha den fhoirmle chaighdeánach Sócmhainneacht II ar bhonn rialta. D'fhoilsigh foireann EIOPA agus an BCE alt téamach i dTuarascáil EIOPA um Chobhsaíocht Airgeadais ar athrú aeráide, tubaistí agus tairbhí maicreacnamaíocha árachais. Ina theannta sin, d'fhoilsigh EIOPA páipéar ar bhearta chun feabhas a chur ar inárachais an riosca briseadh gnó i bhfianaise na bpaindéimí agus chuir sé a chomhairle theicniúil ar phríomhthráscairí feidhmíochta faoin Rialachán Tacsanomaíochta faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Thacaigh Moe go ginearálta le EIOPA le Clár Oibre Airgeadais Inbhuanaithe an Choimisiúin Eorpaigh.

Leanann EIOPA go dlúth an úsáid mhéadaitheach a bhaintear as sonraí agus as digitiú chun bealaí a aithint chun tomhaltóirí a chosaint níos fearr gan bac a chur ar nuálaíocht. Maidir leis an athléimneacht dhigiteach, ghlac agus chuir EIOPA Treoirlínte chun feidhme maidir le slándáil agus rialachas teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus dhírigh sé ar an obair theicniúil is gá don togra reachtach maidir leis an ngníomh um athléimneacht oibríoch dhigiteach (DORA) a ullmhú. D'fhoilsigh EIOPA a Straitéis um Chlaochlú Digiteach chun cur chuige córasach, cothromaithe agus iomlánaíoch a chinntiú maidir leis an gclaochlú teicneolaíochta ar mhargaí árachais agus pinsean na hEorpa agus maidir lena maoirseacht atá ar siúl faoi láthair. In éineacht leis na ÚMEnna eile, d'oibrigh siad ar an Tuarascáil Deiridh ag freagairt Glao an Choimisiúin Eorpaigh ar Chomhairle ar airgeadas digiteach agus saincheisteanna gaolmhara.

Lean EIOPA lena rannpháirtíocht leis an Sainghrúpa comhairleach ar Eitic Dhigiteach san árachas agus bhí sé ina chathaoirleach ar an bhFóram Eorpach um Éascaitheoirí Nuálaíochta (EFIF).

AN SAINORDÚ A CHUR I gCRÍCH GO hÉIFEACHTACH AGUS GO hÉIFEACHTÚIL

In 2021 i gcomhthéacs fada cianoibre COVID-19, lean EIOPA ag feidhmiú mar eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil, agus ag an am céanna ag iarraidh tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar a phróisis riaracháin. I réimse na héagsúlachta agus an chuimsithe, ghlac an EIOPA a Straitéis Ilchineálachta agus Cuimsithe agus Plean Gníomhaíochta mionsonraithe a thacaíonn le fís EIOPA a bheith ina údarás maoirseachta inchreidte, ag dul i bhfad níos faide ná comhlíonadh rialacha neamh-idirdhealaithe agus comhionannais a chinntiú.

TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE HINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad Eolais "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil anseo: https://europa.eu/european-union/contact_ga

Ar an bhfón nó le ríomhphost

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach: Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

— ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),

— ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696, nó

— le ríomhphost, tríd an suíomh: https://europa.eu/european-union/contact_ga

EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

Foilseacháin de chuid an Aontais

Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir cinn saor in aisce agus cinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ag: https://op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1952 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag: http://eur-lex.europa.eu

Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach

Is féidir teacht ar thacair shonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais (http://data.europa.eu/euodp/ga). Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhthráchtála.

EUROPEAN INSURANCE AND OCCUPATIONAL PENSIONS AUTHORITY

Westhafenplatz 1,
60327 Frankfurt am Main, Germany

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh